

Ceapacháin ar Bhord Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (GFGG)

Dáta Deiridh: Meánoíche ar 23 Aibreán 2015

**Rannán na mBord Stáit
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Áras na Caibidle, 26 – 30 Sráid na Mainistreach Uachtarach, Baile Átha Cliath 1**

Uimhir Ghutháin: 353 1 858 7769

R-phost: info@stateboards.ie

Feidhmíonn StateBoards.ie faoi choimirce na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus tá sé tiomanta do pholasaí comhdheiseanna.

Cuireann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP), a bunaíodh faoi reacht sa bhliain 2004, seirbhís neamhspleách chomhroinnte um earcaíocht, measúnú agus roghnú ar fáil d'eagraíochtaí ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí. Ar 30 Meán Fómhair 2014, chinn an Rialtas go ndéanfaí an tSCP freagrach freisin as córas oscailte, inrochtana, dian agus trédhearcach a chur ar bun chun cuidiú le hAirí ceapacháin a dhéanamh ar Bhoird Stáit. Is é ár suíomh gréasáin ar leith, www.stateboards.ie, an bealach trína fhógraíonn an tSCP folúntais ar Bhoird Stáit. Is é freisin an bealach trínar féidir le daoine tréitheacha, a bhfuil taithí agus cáilíocht acu agus daoine nach mbeadh aitheanta roimhe seo, b'fhéidir, san áireamh, mar dhaoine a bheadh ar fáil do cheapachán, iarratas a dhéanamh le bheith curtha san áireamh d'fholúntais ar leith.

- **Aonán:** Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (GFGG)
- **Suíomh Chruinnithe an Bhoird:** Tionólfar cruinnithe i mBaile Átha Cliath
- **Líon na bhFolúntas:** 8 ar a mhéid
- **Luach Saothair:** Cathaoirleach €8,978 agus comhalta €5,985 (Ba cheart a nótáil, ag teacht le prionsabal “Duine Amháin Tuarastal Amháin” nach mbeidh seirbhíseach poiblí ar bith atá i seirbhís faoi láthair i dteideal aon luach saothair a fháil i bhfoirm tháillí boird). Tá rogha ag comhaltaí Boird táillí a tharscaoileadh.
- **Riachtanais Ama:** 11 cruinniú in aghaidh na bliana

1. Cúlra

Is gníomhaireacht reachtúil Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin (GFGG), a chuir Rialtas na hÉireann ar bun i 2006 faoin Acht um Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005 chun athfhorbairt a dhéanamh ar thailte Iar-Ospidéal Naomh Breandán i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé mar sprioc ag GFGG ceantar cathrach nua beoga a chruthú, ceantar is féidir a úsáid ar bhealaí éagsúla a bheidh ag réiteach le comhthéacs, leis na comharsanachtaí mórthimpeall agus leis an bpobal reatha sa láthair i nGráinseach Ghormáin. Tá GFGG freagrach as forbairt chasta ilphasach a chur i bhfeidhm ag an láthair 73 acra i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé mar aidhm ag an bhforbairt go soláthródh sé:

- Campas nua d’Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (ITBÁC) ina dtabharfar le chéile na mic léinn agus an fhoireann ar fad in aon láthair amháin.
- Áiseanna nua chúram sláinte d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FnaSS).
- Láthair d’ardchaighdeán le nascanna fisiciúla chuig Margadh na Feirme, Baile Phib, Sráid na Prúise agus Lár na Cathrach.
- Spásanna nua ealaíne, cultúrtha, áineasa agus poiblí a fhreastalóidh ar an bpobal agus ar an gcathair.
- Bunscoil, leabharlann phoiblí agus spásanna imeartha do pháistí.
- Forbairt chomhlánach d’úsáid mheasctha.

Déanann an fhís do thionscadal Ghráinseach Ghormáin mionléiriú ar aidhm reachtuil an GFGG agus leagann sé síos na cuspóirí san iomlán a bhfuil an léiriú is fearr déanta orthu sa [Grangegorman Master Plan http://ggda.ie/the-masterplan](http://ggda.ie/the-masterplan)

2. Feidhmeanna GFGG

Sonraítear feidhmeanna GFGG i gCuid 2, Alt 9 den Acht um Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin 2005. Tá dualgais uileghabhálacha ar an nGGFG forbairt an tsuímh mar champas nua-aimseartha d'ITBÁC a éascú, áiseanna uasghrádaithe i gcúram sláinte agus sóisialta príomhúil a chur ar fáil d'FnaSS agus acmhainní pobail inrochtana a chur ar fáil. Tá dualgas leagtha ar GFGG na forbairtí seo a bhainistiú ar bhealach comtháite agus inmharthana de réir an phlean straitéiseach don suíomh atá faofa ag an Rialtas. Is comhlacht an GFGG a fhreagraíonn don Roinn Oideachais agus Scileanna agus, dá réir sin, ní mór don GFGG dul i gcomhairle leis an Roinn sin i gcónaí agus é ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna.

3. Folúntais ar an mBord

Beidh deireadh le téarma an Bhoird reatha, ar a bhfuil 15 duine, ar 12 Bealtaine 2015, ach amháin i gcás an Phríomhfheidhmeannaigh a bhfuil a théarma ag leanúint go dtí Nollaig 2015 ar a laghad. An tAire Oideachais agus Scileanna atá freagrach as comhaltaí Boird a cheapadh faoi réir thoilíú an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tréimhse nach faide ná 3 bliain a bheidh i dtéarmaí oifige agus, ag teacht le dea-chleachtas maidir le rialachas corparáideach, is inmholta nach gcuireadh comhalta boird ar bith isteach níos mó ná dhá théarma ceapacháin. Is mar a leanas a bhíonn ainmiúcháin ar an mBord:

- An Príomhfheidhmeannach.
- 2 ainmnithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí.
- 2 ainmnithe ag Uachtarán ITBÁC.
- 1 ainmnithe ag Bainisteoir Cathrach Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.
- **Suas go 7** de na comhaltaí atá fágtha le ceapadh ag an Aire Oideachais agus Scileanna i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teacht le treoirínite leasaithe foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus á bhfeidhmiú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP).

Ceapann an tAire comhalta den mBord mar Chathaoirleach.

Déantar cur síos ar ról an Chathaoirligh agus na ngnáth-Chomhaltaí sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

4. Sonrú an Duine

Tá gá ag bord an GFGG le raon scileanna éagsúla le gur féidir leis gníomhú go héifeachtach. Tá ceithre phríoifíl ar leith de scileanna aitheanta mar scileanna atá go speisialta luachmhar. Cuirtear fáilte roimh léirithe spéise ó iarrthóirí a mheasann go bhfuil na scileanna agus an taithí acu atá riachtanach le ballraíocht a ghacadh ar Bhord GFGG. Is féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na rólanna boird seo:

Earnáil an Oideachais agus Sláinte

Beidh taithí ag iarrthóirí i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

- Taithí ar Fhorbairt Straitéise, Riarachán Poiblí nó Gnóthaí Poiblí in earnálacha an ardoideachais agus sláinte
- Taithí ar Theagmháil Phoiblí agus ar Chumarsáidí
- Taithí ar áiseanna a fhorbairt in institiúid tríú leibhéal

Rialachas Corparáideach

Beidh réamh-thaithí boird ag iarrthóirí agus ní mór dóibh taithí fhairsing a bheith acu sa rialachas corparáideach agus sa comhall. Ina theannta sin, is gá dóibh taithí fhairsing a bheith acu i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo:

- Taithí in Acmhainní Daonna in eagraíocht mhór
- Taithí agus saineolas sa Dí/Árachas
- Taithí sa soláthar poiblí

Airgeadas Corparáideach

Beidh réamh-thaithí boird ag iarrthóirí agus ní mór dóibh taithí fhairsing a bheith acu in airgeadas corparáideach. Ina theannta sin, is gá dóibh taithí a bheith acu i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo:

- Taithí fhairsing ag leibhéal sinsearach ar chuntasaíocht, bainistíocht airgeadais, bainistíocht riosca, eacnamaíocht agus/nó teicneolaíocht an eolais
- Taithí iniúchta
- Taithí ar phróisis thairisceana

Forbairt Láithreáin/Foirgníocht

Is gá d'iarrthóirí taithí fhairsing a bheith acu i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:

- Bainistíocht Tionscadal
- Innealtóireacht
- Foirgníocht
- Ailtireacht
- Pleanáil Spásúlachta agus/nó Athghiniúint Uirbeach/Inbhuanaitheacht
- Éifeachtúlacht Fuinnimh
- Sláinte agus Sábháilteacht

Coinníonn an tAire an ceart chun níos mó ná iarrthóir oiriúnach amháin a cheapadh ó aon réimse sonracha saineolais. Beidh aird ag an Aire go bhfuil sé inmhianaithe go mbeidh cothromaíocht inscne i mballraíocht an bhoird, de réir mar a mheasfaidh an tAire a bheith cuí agus mar a chinnefidh an tAire ó am go ham agus ainmniúcháin á ndéanamh le haghaidh an bhoird.

5. Téarmaí Ceapacháin

Mairfidh ceapacháin chuig an mBord go ceann tréimhse nach faide ná 3 bliana faoi réir:

- Féadfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna tráth ar bith an chomhaltacht ag comhalta ar bith den mBord a fhoirceannadh, ar bhonn cúiseanna le lua ag an Aire.
- Féadfaidh comhalta den mBord éirí as bheith ina c(h)omhalta den mBord trí fhógra scríofa a sheoladh nó a thabhairt don Aire, agus tiocfaidh an t-éirí as i bhfeidhm ar an lá ar a bhfaigheann an tAire an fógra.
- Faoi réir fhorálacha an Sceidil seo, beidh seilbh ag comhaltaí an Bhoird ar oifig faoi na téarmaí agus coinníollacha a fhéadfaidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a chinneadh ó am go ham.
- I gcomhréir leis an bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin', níl aon seirbhíseach poiblí i dteideal luach saothair a fháil i bhfoirm tháillí boird, ach amháin i gcásanna atá ceadaithe faoi reacht, mar shampla ceapachán mar Stiúrthóirí Oibrí.
- Scoirfidh comhalta boird de bheith ina c(h)omhalta den mBord má ainmnítear é nó í ina b(h)all de Sheanad Éireann, má thoghtar é nó í mar bhall de cheachtar de Thithe an Oireachtais nó mar ionadaí i bParlaimint na hEorpa, má thoghtar chuig Parlaimint na hEorpa é nó í.

6. Conas Iarratas a Dhéanamh

Iarrtar ar iarrthóirí an ceistneoir féinmheasúnaithe is féidir a fháil ar www.stateboards.ie a athbhreithniú. Tabhair faoi deara nach gá duit an ceistneoir a chur isteach mar chuid den phróiseas iarratais.

Tar éis dóibh oiriúnacht san iomlán do bhallraíocht ar Bhord Stáit a bhreithniú, ba chóir d'iarrthóirí a dhéanamh amach an gcreideann siad go sásaíonn siad na critéir shonracha atá leagtha amach in alt a 4 thuas.

Más mian leat go gcuirfí san áireamh tú do cheapachán, ba chóir duit iarratas a chur isteach tríd an nasc seo a leanas www.stateboards.ie mar aon le Curriculum Vitae mionsonraithe agus litir mhínithe. Chun d'iarratas a chur isteach, le do thoil:

- i. Téigh chuig www.stateboards.ie.
- ii. Ar an mbarra ar bharr an leathanaigh cliceáil ar "Ceapacháin Infhaighte".
- iii. Sroicheadh tú leathanach ar a bhfuil ár bhfolúntais uile fógartha. Roghnaigh cibé post ar mhaith leat cur isteach air (tá fáilte romhat cur isteach ar níos mó ná post amháin más mian leat).
- iv. Ar an leathanach cuí cliceáil ar an gcnaipe "Déan iarratas" ag bun an leathanaigh.
- v. Sroichfidh tú leathanach ar www.publicjobs.ie agus, más rud é go bhfuil cuntas publicjobs.ie agat cheana féin, gheobhaidh tú nod d'ainm úsáideora agus do phasfhocal a thabhairt. Mura bhfuil cuntas agat cheana iarrfar ort ceann a bhunú.
- vi. Nuair a chuireann tú do chuid sonraí isteach sroichfidh tú leathanach ar a bhfuil nod i lár an leathanaigh a deir "Cuir iarratas isteach anseo". Cliceáil ar an nasc leis an bhfoirm iarratais ar líne taobh leis.
- vii. Feicfidh tú foirm ar do scáileán, agus beidh cuid de na boscaí téacs líonta le heolas ón bpróifíl atá agat ar publicjobs.ie (Ainm, seoladh srl.). Beidh ort na réimsí eile a líonadh isteach agus d'ainm agus an dáta a líonadh isteach ag deireadh na foirme. Cliceáil ar "lean ar aghaidh".
- viii. Ansin sroichfidh tú scáileán ar a gcaithfidh tú do CV agus do Litir Mhínithe a uaslódáil. Is cáipéisí riachtanacha iad seo agus ní féidir d'iarratas a phróiseáil gan iad. Nuair atá siad seo roghnaithe agus uaslódáilte agat, cliceáil ar an gcnaipe "Cuir faoi bhráid" ag bun an leathanaigh.
- ix. Gheobhaidh tú deimhniú ríomhphoist (chuig an seoladh atá i do phróifíl ar publicjobs.ie) ag deimhniú go bhfuil d'iarratas curtha isteach.

Ní mór duit a dheimhniú nach bhfuil aon choimhlint leasa nó bac dlí a d'fhéadfadh cur isteach ar do chumas páirt iomlán a ghlacadh ar an mBord. Ní mór duit freisin a dheimhniú gur féidir leat a bheith ar fáil le freastal ar chruinnithe agus dualgais chomhalta an Bhoird a chomhlíonadh.

7. Próiseas Ceapacháin

Tionólfaidh an tSCP (PAS) Painéal Measúnaithe (“an Painéal”) leis na léirithe spéise a fhaigheann an tSCP trí www.stateboards.ie a chíoradh agus a mheas. Déanfaidh an Painéal:

- athbhreithniú agus plé ar na léirithe spéise a fhaightear ó thaobh chritéir ar leith do cheapachán don ról a shocróidh an Painéal;
- tuilleadh measúnaithe ar cheapaithe ionchasacha, ach na critéir shonraithe do cheapachán a bheith comhlíonta acu, trí cheann ar bith de na céimeanna seo a leanas, nó iad uile:
 - Na hiarratais scríofa a mheas; agus/nó
 - Cruinniú/glao comhdhála; agus/nó
 - Seiceálacha le moltóirí;
 - Modh roghnaithe ar bith eile a mheastar a bheith cuí.
- Gearrliosta a thiomsú de na daoine a mheastar a bheith oiriúnach do cheapachán le cur ar aghaidh le breithniú ag an Aire.

Má tá ceisteanna ar bith agat maidir leis an bpróiseas iarratais seol r-phost chuig info@stateboards.ie.

8. Achtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi Chosaint Sonraí lean an [nasc](#).